**RÁITIS AIRGEADAIS DON CHOIMISIÚN IOMAÍOCHTA AGUS COSANTA TOMHALTÓIRÍ**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023**

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

---

**CLÁR ÁBHAIR**


| | **LEATHANACH** |
|---|---|
| EOLAS | 3 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTA AN CHOIMISIÚIN | 4 - 9 |
| AN CHOIMISIÚIN AR RIALÚ INMHEÁNACH | 10 - 14 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 15 - 16 |
| RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS COINNITHE CÚLCHISTÍ IONCAIM | 17 |
| RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH | 18 |
| RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS | 19 |
| RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | 20 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 21 - 39 |

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**EOLAS**

---

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí an Choimisiúin:** | Jeremy Godfrey – Cathaoirleach (ar scor 12 Feabhra 2023)<br>Patrick Kenny – Cathaoirleach Eatramhach (ó 9 Bealtaine 2023 go 2 Lúnasa 2023)<br>Brian McHugh – Cathaoirleach (ó 2 Lúnasa 2023)<br>Úna Butler<br>Kevin O'Brien |
| **Seoladh an Choimisiúin:** | Teach Bloom<br>Sráid an Iarnróid<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Cuntasóirí:** | Crowleys DFK<br>16/17 Faiche an Coláiste<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus<br>Ciste 3A Sráid an Mhéara<br>Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.ccpc.ie |

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

## RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN COIMISIÚIN

### Rialachas

Bunaíodh Bord an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (dá dtagraítear dó mar an Coimisiún) faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 (Acht 2014).

Is é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an comhlacht reachtúil atá freagrach as an dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí a chomhlíonadh, a chur chun cinn agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú nuair is gá. Déanann an CCPC a dhícheall leas tomhaltóirí a fheabhsú ar fud an gheilleagair trí 40 ionstraim reachtach a fhorfheidhmiú, lena náirítear reachtaíocht um shábháilteacht táirgí.

Is é an aidhm atá ag an CCPC go bhfeidhmeodh margaí ar bhealach níos fearr do thomhaltóirí. D'fhonn é sin a bhaint amach, oibríonn an CCPC chun tionchar a imirt ar an díospóireacht phoiblí agus ar bheartais a fhorbairt, tuiscint an phobail a mhéadú faoin tábhacht a bhaineann le margaí oscailte agus iomaíocha, iomaíocht a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar leasanna tomhaltóirí.

Cuireann an CCPC eolas ar fáil do thomhaltóirí maidir leis na cearta atá acu, airgead pearsanta agus sábháilteacht táirgí, trí líne chabhrach do thomhaltóirí, cuid ar leith dár láithreán gréasáin ccpc.ie, feachtais fheasachta pobail agus trí na tionscnaimh oideachais airgeadais éagsúla atá againn.

Tá róil reachtúla ag an CCPC maidir le Réiteach Malartach Díospóide agus idirghabhálaithe creidmheasa. Go dtí an 01 Aibreán 2022, bhí ról reachtúil ag an CCPC freisin i rialáil caidrimh ghnó san earnáil grósaeireachta.

Tá an Coimisiún freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus is é atá freagrach as a chinntiú go ndéantar dea-rialachas. Tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhshaincheist gnó. Is iad an Cathaoirleach, Comhaltaí an Choimisiúin agus foireann na bainistíochta sinsearaí atá freagrach as bainistiú, rialú agus stiúradh an CCPC ó lá go lá.

### Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Choimisiúin i nósanna imeachta doiciméadaithe, ina bhfuil na nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh Coimisiúin mar a leagtar amach in Alt 10 (7) d'Acht 2014 i.e. feidhmeanna nach féidir leis an gCoimisiúin a tharmligean. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Coimisiún, tá:

- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais,
- cinntí foirmeálta an Choimisiúin,
- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó rannáin, agus
- ábhair forchoimeádta.

Ceanglaítear faoi Alt 31 d'Acht 2014 ar an gCoimisiún chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus an Coimisiún ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ceanglaítear air:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- luaigh cibé acu ar leanadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi Alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Is ar an gCoimisiún a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin an CCPC agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an Coimisiún atá freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Pléitear athbhreithniú maidir le feidhmíocht an CCPC trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil go rialta ag cruinnithe an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais an CCPC léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CCPC amhail an 31 Nollaig 2023.

**Struchtúr an Choimisiúin**

Tá an CCPC comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le seisear comhaltaí, agus tá siad sin go léir ceaptha ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar feadh téarma nach sáraíonn cúig bliana. Is féidir comhaltaí an Choimisiúin a athcheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana breise le cead ón Aire. Ní féidir comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh do níos mó ná dhá théarma. Tá an Cathaoirleach freagrach as reáchtáil na heagraíochta agus as rialachas corparáideach. Faigheann an Cathaoirleach cúnamh ó thaobh bainistíochta, rialú agus treorú an CCPC ó na Comhaltaí agus ó fheidhmeannaigh sinsearacha eile. Tagann an Cathaoirleach agus na Comhaltaí le chéile chun Coimisiún coláisteach cinnteoireachta a bhunú chun príomhchinntí reachtúla a dhéanamh, chomh maith lena ndualgais ar leith lánaimseartha féin a bheith acu.

Bíonn dhá chruinniú in aghaidh na míosa sceidealaithe ag an gCoimisiún. Ina theannta sin, tá cruinnithe ad hoc sceidealta i gcás ina bhfuil cúrsaí práinneacha ag teacht chun cinn, go bhfuil siad forchoimeádta don Choimisiún agus nach féidir iad a tharmligean agus/nó i gcás ina bhfuil tréimhsí reachtúla ann. Samplaí a bheadh i gcinntí maidir le cumaisc Chéim 2, cumhachtaí forfheidhmithe nó iarrataí ar chomhoibriú ó ghníomhaireachtaí coimhthíocha. Taispeánann an tábla síos na sonraí a ghabhann le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí le linn 2023:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta Ceaptha |
|---|---|---|
| Brian McHugh | Cathaoirleach | 2 Lúnasa 2023 |
| Patrick Kenny | Comhalta | 10 Eanáir 2022 (dáta athnuaite) |
| Úna Butler | Comhalta | 10 Eanáir 2022 |
| Kevin O Brien | Comhalta | 22 Lúnasa 2022 |
| Jeremy Godfrey | Iar-Chathaoirleach | Ar scor 12 Feabhra 2023 |
| Brian McHugh[1] | Iar-Chomhalta | 1 Meán Fómhair 2022 (dáta athnuaite) |

[1] Bhí Brian McHugh ina Chomhalta den Choimisiún go dtí gur ceapadh ina Chathaoirleach é an 2 Lúnasa 2023.

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) **bunaithe ag an gCoimisiún**.

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Cathaoirleach agus triúr comhaltaí (ar comhaltaí seachtracha/neamhspleácha iad beirt díobh). Is é ról an ARC tacú leis an mBord i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna riosca, rialála agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC chuig an gCoimisiún i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain.
Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca: Conor Blackwell (Cathaoirleach seachtrach)[2], Brian McHugh[3] (inmheánach), Carmel Foley (seachtrach), Eilis Quinlan (seachtrach) and Úna Butler (inmheánach). Bhí ceithre chruinniú den ARC in 2023.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste don bhliain 2023 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

| | Comisiún | An Coiste Iniúchóireachta & Riosca | Tuarastail * 2023 € | Táillí 2023 (íoctha go bliantúil i riaráistí) € | Costais i ndáil le freastal ar chruinnithe an Choimisiúin 2023 € |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon cruinnithe | | | | | |
| Jeremy Godfrey | 3/5 | - | 29,918 | - | - |
| Patrick Kenny | 28/30 | - | 157,047 | - | - |
| Brian McHugh | 28/30 | 2/2 | 173,283 | - | - |
| Úna Butler | 27/30 | 2/2 | 146,118 | - | - |
| Kevin O'Brien | 23/30 | - | 148,394 | - | - |
| Conor Blackwell | | 4/4 | - | 2,816 | - |
| Jimmy Murphy | - | 0/0 | - | 283 | - |
| Carmel Foley | - | 4/4 | - | 1,131 | - |
| Eilis Quinlan | - | 3/4 | - | 283 | - |
| | | | **654,760** | **4,513** | **-** |

* Ní fhaigheann comhaltaí an Choimisiúin táillí toisc nach comhaltaí boird seachtracha (páirtaimseartha) iad ach go bhfuil siad fostaithe ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta mar chomhaltaí lánaimseartha de Bhord Feidhmiúcháin an CCPC.

## Athruithe ar Phríomhphearsanra

D'éirigh Jeremy Godfrey as a phost mar Chathaoirleach an 12 Feabhra 2023. Chuir Brian McHugh tús lena théarma mar Chathaoirleach ar 2 Lúnasa 2023.

[2] D'éirigh Conor Blackwell as a phost mar Chathaoirleach ar an ARC ag deireadh 2023 agus tá Martin Higgins tagtha ina áit.
[3] Tar éis é a cheapadh mar Chathaoirleach ar an CCPC, tháinig Úna Butler in ionad Brian McHugh don dá chruinniú deiridh den ARC in 2023.

**Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**

Tá an Coimisiún freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an CCPC ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód", arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtadh seo a leanas ag teastáil de réir an Chóid:

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe**
Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha de bhreis ar €60,000 i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta costas comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

| | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 187,298 | 374,094 |
| Comhairle eacnamaíochta | - | 22,755 |
| Sainchomhairleoireacht TF | 57,737 | 41,340 |
| Forbairt Straitéise | 38,216 | 83,253 |
| Eile | 18,662 | 16,607 |
| Costais sainchomhairleoireachta iomlána | **301,913** | **538,049** |
| | | |
| Caipitliú costais sainchomhairleoireachta | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a ghearrtar ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 301,913 | 538,049 |
| Iomlán | **301,913** | **538,049** |

**Costais Dlí agus Socraíochtaí**

Sa tábla thíos soláthraítear miondealú ar mhéideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadráin i ndáil le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ginearálta dlí a fuair an Coimisiún agus a nochtaítear sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí dlí – forfheidhmiú | 88,709 | 31,036 |
| Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána | - | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| Iomlán | **88,709** | **31,036** |

**Caiteachas Taistil agus Cothaithe**

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | | |
| - An Coimisiún * | 1,249 | 1,568 |
| - Fostaithe | 40,711 | 42,927 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - An Coimisiún * | 13,900 | 27,777 |
| - Fostaithe | 70,487 | 45,609 |
| Iomlán | **126,347** | **117,881** |

* Íocadh €1,154 go díreach le Cathaoirleach an Choimisiúin in 2023 (2022: €2,391). Íocadh €2,428 go díreach leis na Comhaltaí eile den Choimisiún in 2023 (2022: €1,239). Tá miondealú ar chostais i measc Chomhaltaí an Choimisiúin i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Caiteachas Fáilteachais**

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas:

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas foirne agus corparáideach | 2,113 | 1,336 |
| Total | **2,113** | **1,336** |

**Ráiteas Comhlíonta**

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") glactha ag an gCoimisiún, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh agus chloígh an Coimisiún leis an gCód don bhliain 2023.

Foráiltear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur féidir le gníomhaireachtaí Stáit comhaontú a lorg óna nAire/máthair-Roinn ábhartha maidir le forálacha a féidir a chur i bhfeidhm go cuí chun a úsáidte acu féin. Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) maidir leis sin agus fuair sé soiléiriú agus comhaontú maidir leis na nithe seo a leanas:

- Forálacha maidir le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an Bhoird Tá struchtúr maoirseachta an Choimisiúin neamhghnách. Níl aon struchtúr Boird ann. Glacann an Coimisiún ról comhchoiteann Boird air féin agus glacann an Cathaoirleach ról oifigeach cuntasaíochta air/uirthi féin. Mar sin, chomh maith lena dhualgais mar "Bhord" a dhéanamh tugann an Coimisiún faoi fheidhmeanna feidhmiúcháin freisin.

[redacted]

Kevin O'Brien
Comhalta

[redacted]

Brian McHugh
Cathaoirleach

**Dáta: 30/09/2024**

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

## RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

### SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, aithnímid go bhfuil an Coimisiún freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú aige. Cuireann an fhreagracht sin riachtanais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh.

### CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Tá an córas um Rialú Inmheánach deartha chun rioscaí a bhainistiú go leibhéal inseasta seachas deireadh a chur leis. Ní fhéadfaidh an córas ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Tá an córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treoir arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa CCPC don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### AN ACMHAINN DÉILEÁIL LE RIOSCA

Cuimsíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Cathaoirleach agus triúr comhaltaí (ar comhaltaí seachtracha / neamhspleácha iad beirt díobh). Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire in 2023.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaigh atá comhdhéanta go cuí ag an gCoimisiún a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus a sheolann clár oibre a comhaontaíodh leis an ARC. Feidhmíonn an fheidhm iniúchóireachta inmheánaigh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (arna leasú sa bhliain 2016). Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht na gcóras Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh seachfhoinsithe agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Rinneadh na hathbhreithnithe seo a leanas in 2023:

Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha;
Sábháilteacht Táirgí;
Áireamháin Uirlisí Airgid (bailíochtú);
Soláthar;
An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)
Réiteach Malartach Díospóide (RMD) agus Coireacht Feithicle.
Coinneáil agus Comharbas Acmhainní Daonna
Athbhreithniú leantach maidir leis na moltaí a rinneadh in athbhreithnithe iniúchóireachta inmheánacha roimhe seo.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas ar an bhfoireann ar fad chun an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigeachtaí maidir le rialú. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an mbeartas seo go tréimhsiúil agus, i gcás ina gceadaítear athbhreithnithe, cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an CCPC é lena athbhreithniú.

## AN CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an CCPC agus leis an chóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár riosca corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá roimh an CCPC agus sainaithníodh, measúnaíodh agus grádaíodh iad seo de réir a dtábhachta De ghnáth déanann an Coimisiún an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú.

Cuirtear an Clár Riosca Corparáideach is déanaí ar fáil roimh gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca mar aon le meamram ina sonraítear aon athruithe, lena n-áirítear réasúnaíocht na n-athruithe sin.

Tá na córais um Rialú Inmheánach bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar shraith nósanna imeachta airgeadais, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus ar sheiceálacha leanúnacha dochta ag an bhfeidhm airgeadais.

Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach de bhuiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna cheadú ag Comhaltaí an Choimisiúin;
- Leagtar síos teorainneacha údaraithe chun cistí an Choimisiúin a eisíoc;
- Athbhreithniú rialta ag Comhaltaí an Choimisiúin ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla ar chúrsaí airgeadais (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a thugann léiriú ar fheidhmíocht airgeadais in aghaidh bhuiséid;
- Tá freagrachtaí soiléire bainistíochta ann, lena n-áirítear freagrachtaí airgeadais atá sannta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- Tá beartais agus nósanna imeachta ann do gach príomh-phróiseas gnó, a ndéantar athbhreithniú rialta orthu;
- Monatóireacht agus tuairisciú ar phróisis rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear Ráiteas Dearbhaithe Bliantúil arna chur i gcrích ag Stiúrthóirí Rannáin;
- Tá sásraí agus córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a áirithiú;
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus;
- Déantar íocaíocht thuarastail an CCPC a eagrú tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus tá sí á clúdach ag an gComhaontú Bainistíochta Seirbhísí Fostaithe idir an NSSO agus máthair-Roinn (DETE) an CCPC, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht shinsearach agus don Choimisiún, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Is féidir linn a dhearbhú go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú;
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta; agus
- Déanann an Coimisiún agus an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh an bhuiséad agus réamhaisnéisí.

## SOLÁTHAR

Deimhnímid go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CCPC le linn 2023 chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha soláthair reatha agus go gcuirtear béim ar chúrsaí a eascraíonn as rialuithe ar sholáthar faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTÚLACHT

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta ag an CCPC chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearaí laistigh den CCPC atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaímid go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2023. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coimisiún athbhreithniú ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach chun a áirithiú go léiríonn sé go cruinn an córas rialaithe atá i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha in 2023 agus shínigh an Coimisiún é i mí Feabhra 2024.

Tá an Coimisiún réasúnta cinnte gur tionscnaíodh agus go gcuirtear i bhfeidhm an córas Rialaithe Inmheánaigh sa CCPC don bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2023 i bhfeidhm.

**CEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH**

| Sonraí na Laigí | Gníomhartha Maolaithe |
|---|---|
| I rith 2023, rolladh na conarthaí le haghaidh Seirbhísí Riaracháin Airgeadais agus Seirbhísí Ceannaigh Meán thar a ndátaí éaga ar feitheamh próisis iomaíocha tairisceana a thabhairt chun críche. Reáchtáladh an dá phróiseas tairisceana faoi Chreat OGP, agus ní raibh an OGP in ann iad a éascú go dtí go gcríochnófaí iad sula ndeachaigh an dá chonradh in éag. Cuireadh an dá phróiseas tairisceana i gcrích in 2023, áfach.<br><br>Bhí an conradh le haghaidh Seirbhísí Riaracháin Airgeadais le dul in éag i mí Iúil. I mí Aibreáin, cheadaigh an OGP rochtain féinseirbhíse don CCPC chun próiseas tairisceana a rith faoin chreat. Lorg an CCPC comhairle maidir leis an doiciméad SRFT a chomhlánú i mí na Bealtaine agus dúradh leo go raibh cinneadh déanta ag an OGP deireadh a chur leis an gcreat cúig mhí go luath, ionas nach bhféadfaí é a úsáid a thuilleadh. Ní chuirfear tús leis an chreat athsholáthair go dtí mí an Mheithimh, agus mar sin níorbh fhéidir próiseas tairisceana a ritheadh faoi a thabhairt chun críche sula rachadh an conradh in éag, rud a d’fhág go gcuirfí an conradh ar aghaidh. Ba é an caiteachas ar obair a críochnaíodh le linn na tréimhse seo ná €10,547.<br><br>Chuathas i dteagmháil leis an OGP ar dtús i mí na Samhna 2022 chun meánlínte ama a shainaithint chun próisis tairisceana a thabhairt chun críche faoin gcreat Ceannaigh Meán ionas go bhféadfadh an CCPC plean a dhéanamh le conradh nua a bheith i bhfeidhm ag tús mhí an Mheithimh 2023. Ar an drochuair, níor chuir an OGP an fhaisnéis sin ar fáil. Rinneadh teagmháil leis an OGP arís ag tús mhí Aibreáin chun tús a chur leis an phróiseas agus tugadh amlínte táscacha dóibh lena chur i gcrích. Chuir an OGP in iúl don CCPC nach raibh siad in ann na hamlínte sin a chomhlíonadh agus nach bhféadfadh siad an SRFT a fhoilsiú go dtí tús mhí an Mheithimh. D'fhiafraigh an CCPC an bhféadfaí an próiseas féinseirbhíse a úsáid chun an próiseas tairisceana a chur i gcrích laistigh den fhráma ama a leagadh amach ach measadh nach raibh sé seo indéanta, rud a d'fhág go raibh an conradh ag dul thar a dháta éaga. Ba é an caiteachas ar obair a críochnaíodh le linn na tréimhse seo ná €711,292. Áirítear leis seo táille na gníomhaireachta ceannacháin meán arbh ionann é agus €44,477 agus an costas a bhaineann le spás meán a cheannach, arb ionann é agus an méid caiteachais is mó ag €666,815. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mír le haghaidh tairisceana é spás meán a cheannach agus mar sin níl na costais infheidhme maidir le soláthar. | Cé go ndéanann an CCPC teagmháil leis an OGP faoi láthair roimh phróisis tairisceana ag baint úsáide as Creataí OGP, chun an t-amlíne lena gcur i gcrích a chinneadh, beidh sé mar aidhm ag an CCPC dul i dteagmháil leis an OGP níos luaithe i bpleanáil an phróisis tairisceana, chun a infhaighteacht chun comórtais a éascú a aithint agus úsáidfear iad. an rogha féinfhreastail a chuir an OGP ar fáil, i gcás inarb iomchuí. |

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted] Dáta: 30/09/2024

Kevin O'Brien
Comhalta

[redacted] Dáta: 30/09/2024

Brian McHugh
Cathaoirleach

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

## Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 faoi réir fhorálacha alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Fóntais Eitlíochta an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2023 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – an Caighdeán *um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

## *Bunús na tuairime*

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta d'Institiúidí Uachtaracha Iniúchóireachta. Tá cuntas tugtha ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Creidim gur leor agus iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den tsórt sin, agus ar ábhair áirithe eile ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

[redacted]

[redacted]

**Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 30 Meán Fómhair 2024**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí 2014
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh maidir le cuntasaíocht ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Tá sé mar chuspóir agam maidir leis an iniúchadh a dhéanamh dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt, ach ní dearbhú é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireachta míráiteas ábhartha nuair is ann dó. D'fhéadfadh calaois nó earráid a bheith ina gcúis le míráitis agus meastar mar a bheith ábhartha iad más rud é go bhféadfaí a mheas go réasúnta go bhféadfaidís, astu féin nó ar an iomlán, dul i gcion ar chinntí eacnamaíochta a ghlacann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht agus déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe gairmiúla agus coimeádaim amhras gairmiúil ar feadh na hiniúchóireachta. Agus é sin á dhéanamh,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu de bharr calaoise nó earráide; dearaim agus cuirim nósanna imeachta iniúchóireachta i gcrích atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá dóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is mó an riosca a bhaineann le míráiteas ábhartha de bharr calaoise a ligean gan bhrath ná míráiteas ábhartha de dheasca earráide, mar d'fhéadfaí a chuimsiú le calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó sárú ar an rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus nochtaí. gaolmhara.
- Déanaim an chonclúid maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt ar na nochtuithe gaolmhara i mo thuairisc sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe dá samhail easnamhach, mo thuairim a athrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara go scoirfidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh ar mhodh a bhaineann cur i láthair cóir amach nó nach léiríonn.

Déanaim cumarsáid leo sin á bhfuil cúram rialála orthu maidir le, i measc ábhair eile, scóip bheartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus torthaí suntasacha a bhaineann leis an iniúchadh, lena n-áirítear aon laigí suntasacha maidir le rialú inmheánach a aithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím trí eisceacht más rud é, dar liom,

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- níor leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis nach faisnéis atá sna ráitis airgeadais*

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe d'aon chineál ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím má aithním gnéithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach ina ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta. Tugaim tuairisc má shainaithním aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch a bhí beartaithe nó i gcás nár chomhlíon idirbhearta na húdaráis a rialaíonn iad.

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | € | € |
| Deontas Oireachtais | **2** | 18,566,044 | 16,748,418 |
| Ioncam ó Thobhach | **3** | 3,703,713 | 2,420,903 |
| Ioncam Eile | | 35,922 | 4 |
| | | 22,305,679 | 19,169,325 |
| Táillí Iarratais | **4** | 1,170,072 | 1,194,406 |
| Táillí Iarratais Aisíoctha/Inaisíoctha chuig an DETE | | (1,170,072) | (1,194,406) |
| Glan-Mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin | **12** | 3,156,000 | 3,907,000 |
| | | 25,461,679 | 23,076,325 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Foirne | **5** | 15,329,482 | 14,637,270 |
| Speansais Oibríochta | **6** | 8,987,086 | 7,991,244 |
| | | 24,316,568 | 22,628,514 |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN ROIMH LEITHREASAÍ** | | **1,145,111** | **447,811** |
| Aistriú ó/(chuig) Chuntas Caipitil | **11** | 77,899 | (27,216) |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN TAR ÉIS LEITHREASAÍ** | | **1,223,010** | **420,595** |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir | | 311,592 | (109,003) |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **1,534,602** | **311,592** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted]

**Kevin O'Brien**
**Comhalta**

**Dáta: 30/09/2024**

[redacted]

**Brian McHugh**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30/09/2024**

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

## RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023

| | Nótaí | 2023<br>€ | 2022<br>€ |
|---|---|---|---|
| **BARRACHAS / (EASNAMH) DON BHLIAIN AIRGEADAIS** | | 1,223,010 | 420,595 |
| Taithí (caillteanais) / gnóthachan ar oibleagáidí sochair scoir | **12iii** | 1,137,000 | (3,709,000) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana is bun le luach reatha na n-oibleagáidí sochair scoir | **12iii** | 111,000 | 19,179,000 |
| Gnóthachan achtúireach iomlán / (caillteanais) sa bhliain | | 1,248,000 | 15,470,000 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | (1,248,000) | (15,470,000) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain | | **1,223,010** | **420,595** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí ~~1~~ 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted]
**Kevin O'Brien**
**Comhalta**

[redacted]
**Brian McHugh**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30/09/2024**

**Dáta: 30/09/204**

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**RÁITEAS AR STAID AN AIRGEADAIS**
**AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023**

| | Nótaí | Amhail an 31 Nollaig 2023 € | Amhail an 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | **8** | 101,180 | 179,079 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | **9** | 711,281 | 350,334 |
| Airgead tirim agus coibhéisi airgid thirim | | 1,919,861 | 979,201 |
| | | 2,631,142 | 1,329,535 |
| **DLITEANAIS REATHA (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Méideanna Iníoctha | **10** | (1,096,540) | (1,017,943) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 1,534,602 | 311,592 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 1,635,782 | 490,671 |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí leasa scoir | **12iii** | (40,129,000) | (38,221,000) |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | **12iv** | 40,129,000 | 38,221,000 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **1,635,782** | **490,671** |
| **LENA LEIRÍTEAR** | | | |
| Cuntas Caipitil | **11** | 101,180 | 179,079 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 1,534,602 | 311,592 |
| | | **1,635,782** | **490,671** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 - 19 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted]

**Kevin O'Brien**
**Comhalta**

**Dáta: 30/09/2024**

[redacted]

**Brian McHugh**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30/09/2024**

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID**
**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023**

| | Nótaí | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| **Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | | **€** | **€** |
| Ioncam barrachais thar chaiteachas / (caiteachas thar ioncam) | | 1,223,010 | 420,595 |
| Ús Bainc Faighte | | (35,922) | (4) |
| Aistriú chuig an/(ón) gcuntas caipitil | **11** | (77,899) | 27,216 |
| Dímheas ar shócmhainní seasta | **8** | 86,571 | 94,817 |
| (Méadú)/Laghdú in infháltais | **9** | (360,947) | 35,609 |
| Méadú (Laghddú) ar shuimeanna iníoctha | **10** | 78,597 | (500,844) |
| **Glan-insreabhadh airgid / (eis-sreabhadh) ó Ghníomhachtaí Oibríochta** | | 913,410 | 77,389 |
| **Sreafaí airgid a úsáidtear i nGníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochta chun réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach | **8** | (8,672) | (122,033) |
| **Glan-sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | (8,672) | (122,033) |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús bainc faighte | | 35,922 | 4 |
| **Glanmhéadú/(glanlaghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | | 940,660 | (44,640) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 979,201 | 1,023,841 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ag deireadh na bliana | | 1,919,861 | 979,201 |

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leagtha amach thíos. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

### A) GINEARÁLTA

Bhunaigh an tAire Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014, faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Tugadh foráil san Acht chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) agus an tÚdarás Iomaíochta (TCA) a dhíscaoileadh le héifeacht ón 30 Deireadh Fómhair 2014. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus dualgais chomhlachtaí oidhreachta chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an Acht. Is Eintiteas Sochair Phoiblí é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí..

### B) RÁITEAS COMHLÍONTA

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a d’eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC).

### C) BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas le haghaidh sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag a luachanna córa atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá ceadaithe ag an Tánaiste agus ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ó thaobh déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe i Euro, airgeadra feidhmeach an Choimisiúin.

### D) IONCAM

Deontas Oireachtais

Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe de ghnáth. Is eisceacht iad Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid tirim. Cuireann an DETE maoiniú ar fáil d'fheidhmeanna Feasachta Pobail agus Oideachais Airgeadais, ar choinníoll go ndéanfaí an maoiniú sin a íoc ar ais le DETE ar tobhach an Choimisiúin a fháil.

## E) IONCAM TOBHAIGH

Tá an Coimisiún freagrach as feidhmeanna eolais do thomhaltóirí agus oideachais maidir le seirbhísí airgeadais faoi alt 10(3)(j) d'Acht 2014.

Maoinítear costas fheidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin le tobhach ar eintitis seirbhíse airgeadais rialaithe (maoinítear 16 ball foirne leis sin). Glactar ioncam san áireamh maidir le tobhach don tréimhse ina raibh na heintitis seirbhíse airgeadais rialaithe faoi réir rialacháin ag an mBanc Ceannais.

Foráiltear in Alt 24D den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) gur féidir leis an gCoimisiún socrú a dhéanamh le chomhlacht fo-ordaithe maidir leis an mbailiúchán de na tobhaigh.

Tá sainmhíniú tugtha in Alt 24C den Acht um Chosaint Tomhaltóirí (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) ar na forálacha chun barrachas nó easpa in ioncam tobhaigh a cheartú i mbliain airgeadais, trína laghdaítear nó trína mhéadaítear tobhach an bhliain dar gcionn chun léargas a thabhairt ar chaiteachas an Choimisiúin i dtaobh feidhmeanna eolais do thomhaltóirí agus oideachais dá dtagraítear dóibh thuas a thabhairt i gcrích.

Déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí atá á maoiniú le tobhach amháin a thaifeadadh mar chaiteachas tobhaigh, agus déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ón státchiste mar caiteachas státchiste. Déantar costais eile a bhaineann le feidhmeanna CCPC atá á maoiniú le tobhach agus ón státchiste (costais a bhaineann le seirbhísí den chuid is mó) a chionroinnt bunaithe ar dheighilt an líon iomlán foirne a leithdháiltear d'fheidhmeanna atá maoinithe le tobhach agus d'fheidhmeanna atá maoinithe ón státchiste faoi seach.

## F) IONCAM Ó THÁILLÍ IARRATAIS

Déantar táillí a fhaigheann an Coimisiún chun ceadúnais idirghabhálaithe creidmheasa, ceadúnais do gheallbhróicéirí, fógraí maidir le híocaíocht shocraithe, cumaisc agus costais arna bhronnadh ag na cúirteanna a eisiúint a thaifeadadh mar ioncam an Choimisiúin a aisíoctar leis an D/ETE.

## G) RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar chostas stairiúil lúide dímheas carntha, atá coigeartaithe maidir le haon soláthar do laige. Cuirtear dímheas ar fáil ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolréanna úsáideacha measta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Crua-earraí Ríomhaire | 20% |
| Bogearraí Ríomhaire | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán | 10% |

Léiríonn an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh chostais mheasta na diúscartha a asbhaint, má bhí an tsócmhainn den aois agus sa riocht a rabhthas ag súil leis cheana ag deireadh a saolré úsáideach. Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh luach sócmhainne, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

### H) CUNTAS CAIPITIL

Aistrítear deontais stáit, a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach, chuig an gcuntas caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus déantar iad a chreidiúint chuig ioncam thar shaolré úsáide measta na sócmhainní gaolmhara. Léirítear sa chuntas caipitil méid gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.

### I) AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Déantar idirbhearta sonraithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro agus a thaifeadadh ag an ráta malartaithe a bhí ag rialú ag dáta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid sonraithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro ag na rátaí malartaithe a bhí ag rialú ag dáta an tuairiscithe nó ag ráta chonradh réamhcheannacháin nuair atá conradh dá leithéid ann.

### J) INFHÁLTAIS

Tuairiscítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún ábalta na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiachas amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

### K) SOLÁTHAIRTÍ

Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó inchiallaithe ar an gCoimisiún san am i láthair de bharr imeachtaí a tharla san am a caitheadh; is é is dóigh go mbeidh eis-sreabhadh d'acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a réiteach; le gur féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

### L) TEAGMHAIS

Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn as imeachtaí a tharla san am a caitheadh nuair (i) nach dóigh go mbeidh eis-sreabhadh d'acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar an láithreacht le himeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an Choimisiúin. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais mura bhfuil an dóchúlacht i leith eis-sreabhadh acmhainní iargúlta.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí geilleagracha i gceist.

## M) LÉAS OIBRÍOCHTA

Tuairiscítear an caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear an caiteachas de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa a bhaineann leis an ráta ionchais boilscithe, agus sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

## N) SOCHAIR FOSTAITHE

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar an Staid Airgeadais.

Sochair Scoir
Tá foireann an Choimisiúin comhdhéanta dóibhsean atá fostaithe go díreach ag an gCoimisiún agus oifigigh ar iasacht agus ar socrúchán ón státseirbhís agus seirbhís phoiblí. Níl aon dhliteanas pinsin ag an gCoimisiún maidir le foireann ar iasacht agus ar socrúchán. Íocann an Coimisiún ranníocaíocht aoisliúntais leis an DETE maidir le foireann ar iasacht nó ar socrúchán ag ráta 25% nó 30% (ag brath ar dháta iontrála chuig an Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí), a mhuirearaítear chuig caiteachas.

Oibríonn an Coimisiún scéim sochar sainithe pinsin dá fhostaithe, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil ina leith lena n-áirítear airgead a chuireann an DETE ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as tuarastal na foirne. Coinníonn an DETE ranníocaíochtaí sochar sainithe.

Rinneadh dlí d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus leis sin tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('An Scéim Aonair') a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne den Choimisiún, a bheadh ag obair san Earnáil Phoiblí den chéad uair, ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina chomhalta ar an Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta á úsáid.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim atá inaisghabhála ón DETE.

Léirítear le dliteanais phinsin luach reatha íocaíochtaí pinsin sa todhchaí arna dtuilleamh ag an bhfoireann chuige seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hin-aisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón DETE.

## O) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CHRITICIÚLA

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanais amhail ar an dáta tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus caiteachais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na méideanna atá sainaitheanta sna ráitis airgeadais.

(a) Lagú readmhaoine, gléasra agus trealaimh
Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh maidir le lagú pé uair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim glanluach in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas maidir le lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim in-aisghabhála. Is ionann an méid atá in-aisghabhála agus an méid is airde nuair a bhaintear luach cóir sócmhainne an costas díolta. Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar lagú, grúpáiltear sócmhainní ar na leibhéil is ísle dá bhfuil siad ina sreafaí inaitheanta ar leithligh (aonaid ghiniúna airgid thirim). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos le lagú a athbhreithniú i dtaobh aisiompú féideartha an lagaithe ag gach dáta tuairiscithe.

(b) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha
Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

(c) Soláthar d'fhiacha amhrasacha
Déanann an Coimisiún meastachán ar luach inaisghabhála féichiúnaithe trádála agus eile. Baineann an Coimisiún úsáid as meastacháin bunaithe ar thaithí go dtí seo d'fhonn leibhéal na bhfiacha, nach féidir a bhailiú, a shocrú. Sa mheastacháin sin áirítear fachtóirí mar rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aois na bhféichiúnaithe agus taithí go dtí seo. Athbhreithnítear an leibhéal soláthair atá de dhíth ar bhonn leanúnach.

(d) Forálacha
Déanann an Coimisiún forálacha maidir le hoibleagáidí dlíthiúla agus cuiditheacha, arb eol dó a bheith gan íoc ar dháta deiridh na tréimhse. Go ginearálta, déantar na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó eolas ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú le haghaidh treochtaí le déanaí nuair is ábhartha. Mar sin féin, meastacháin is iad de chostais airgeadais eachtraí nach gá go dtarlódh siad ar feadh na mblianta. Mar thoradh air sin agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, seans go mbeidh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an méid a measadh.

(e) Oibleagáid leasa scoir
Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Is féidir tionchar a bheith ag na boinn tuisceana ar:
(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilbochta corparáide
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

## 2. DEONTAS OIREACHTAIS

Cuirtear an maoiniú ar fad ar fáil go príomha tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) 32.

| **Fo-Cheannteideal Vóta** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| C.8 (i) – Pá | 11,123,044 | 9,847,418 |
| C.8 (i) – Neamhphá | 7,961,000 | 7,181,000 |
| C.8 (ii) – Pá | 1,340,753 | 1,129,642 |
| C.8 (ii) Neamhphá | - | - |
| | 20,424,797 | 18,158,060 |
| C.8 (ii) Pá (Aisíoctha) | (1,340,753) | (1,129,642) |
| C.8 (ii) – Neamhphá (Aisíoctha) | - | - |
| An Roinn Airgeadais * | - | 150,000 |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe coinnithe | (518,000) | (430,000) |
| | **18,566,044** | **16,748,418** |

* Fuarthas deontas ón Roinn Airgeadais i leith feachtas aistrithe in 2022.

## 3. TOBHACH

| | **2023 €** | **2022** |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh an 01 Eanáir | 1,550 | (1,519) |
| Sonraisc tobhaigh eisithe | 3,703,713 | 2,420,903 |
| Fáltais tobhaigh bailithe | (3,699,665) | (2,417,834) |
| Drochfhiacha tobhaigh | | - |
| Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig | **5,598** | **1,550** |

Eisíodh sonraisc arbh fhiú €2,722,991 san iomlán iad a chlúdaigh dliteanas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023 mar a fhoráiltear dóibh in I.R. Uimh. 28 de 2023 - Rialacháin Tobhaigh 2021 an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí) i mí Bealtaine. Bhí an méid €5,598 fós le bailiú ag deireadh na bliana.

Díscríobhtar sonraisc tobhaigh nuair a mheastar iad a bheith do-athfhála. Tarlaíonn sin de ghnáth nuair a éiríonn eagraíocht as oibríochtaí.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2023**

| **4. TÁILLÍ IARRATAIS** | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|
| Táillí Cumaisc* | 544,038 | 544,000 |
| Idirghabhálaithe Creidmheasa agus ceadúnas geallbhróicéara táillí** | 553,199 | 544,959 |
| Fíneálacha ar an Láthair / Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta) *** | 15,000 | 5,100 |
| Dámhachtainí Cúirte | - | 6,650 |
| Ioncam eile (Leas Sóisialach srl.) | 57,835 | 93,697 |
| Fáltas Pinsean | - | - |
| Táillí iarratais aisíoctha leis an DETE | (1,070,507) | (1,111,875) |
| Dlite don | (99,565) | (82,531) |
| DETE | - | - |

*Ioncam Cumaisc faoin Acht Iomaíochta 2002, cuid 3, Alt B, arna leasú ag Alt 55 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Bíonn táille €8,000 i gcuideachta fógraí cumaisc chuig an gCoimisiún.
Fógraí cumaisc – 2023: 68 (2022: 68).
**Líon na gceadúnas a eisíodh: idirghabhálaithe creidmheasa – 1,318 (2022: 910), geallbhróicéirí – 3 (2022: 3).
***Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta agus Fíneálacha ar an Láthair - 52 (2022:17). Líon na gcásanna inar dhámh na cúirteanna costais 3 (2022: 2).
Déanann an Coimisiún gach fáltas cumaisc, fáltas idirghabhálaithe creidmheasa, fógraí maidir le híocaíocht shocraithe agus ioncam ilchineálach eile a fhaigheann sé a íoc leis an DETE.

| 5. COSTAIS FOIRNE | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Pá | 12,189,277 | 10,649,911 |
| Aoisliúntas - Scéim Foirne | 2,963,000 | 3,819,000 |
| Oiliúint foirne | 177,205 | 168,359 |
| | 15,329,482 | 14,637,270 |
| Leibhéil Foirne Iarbhír – WTE (ag deireadh na bliana) | 182.2 | 137.7 |

Déanann an DETE párolla a riar don Choimisiún (d'aistrigh chuig an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla i rith na bliana 2017). Choinnigh an Roinn Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise de €277,051 (2022: €262,379) arna n-asbhaint ag an Roinn ó fhoireann an Choimisiúin. Chuir an Roinn ranníocaíochtaí fostaithe scéime aonair €362,883 (2022: €300,332) ar aghaidh chuig DPER maidir le foireann an Choimisiúin.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí foirceanta i rith na bliana (2022: €18,146).

Áirítear na suimeanna €34,033 maidir le ragobair sna tuarastail agus pánna

thuasluaite.

### A) LUACH SAOTHAIR AN CHATHAOIRLIGH

<u>Cathaoirleach Reatha</u>
Chuir Brian McHugh tús lena théarma mar Chathaoirleach an 2 Lúnasa 2023 ar feadh téarma 5 bliana. Fuair an Cathaoirleach íocaíochtaí tuarastail €173,283 agus thabhaigh costais taistil ar luach €3,572 sa bhliain 2023.

Tá an Cathaoirleach reatha ina comhalta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime sochair sainithe aoisliúntais na hearnála poiblí ábhartha. Ní bhfuair an Cathaoirleach reatha aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile i rith na bliana.

<u>Iar-Chathaoirleach</u>
Ceapadh an tIar-Chathaoirleach, Jeremy Godfrey, an 1 Eanáir 2022 ar feadh téarma cúig bliana. Fuair an Cathaoirleach íocaíochtaí tuarastail €29,918 agus thabhaigh costais taistil de luach €28 sa bhliain 2023. D'éirigh Jeremy Godfrey as a phost mar Chathaoirleach an 12 Feabhra 2023.

Bhí an tIar-Chathaoirleach ina comhalta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime sochair sainithe aoisliúntais na hearnála poiblí ábhartha. Ní bhfuair an tIar-Chathaoirleach aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile i rith na bliana.

**B) MIONDEALÚ AR SHOCHAIR d'FHOSTAITHE**

**Raon na sochar fostaithe iomlán (ó €60,000 in airde)**

| Ó | Go | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | - €69,999 | 20 | 8 |
| €70,000 | - €79,999 | 17 | 15 |
| €80,000 | - €89,999 | 13 | 17 |
| €90,000 | - €99,999 | 10 | 7 |
| €100,000 | - €109,999 | 4 | 3 |
| €110,000 | - €119,999 | 3 | 1 |
| €120,000 | - €129,999 | 1 | - |
| €130,000 | - €139,999 | | - |
| €140,000 | - €149,999 | 2 | 1 |
| €150,000 | - €159,999 | 1 | 2 |
| €160,000 | - €169,999 | - | - |
| €170,000 | - €179,999 | 1 | - |
| €180,000 | - €189,999 | - | 1 |
| | | **72** | **55** |

Nóta: Chun críocha an nochta seo, áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

**C) COSTAIS TAISTIL AGUS COTHAITHE CHOMHALTAÍ**

| **Comhalta** | **2023 €** | **2022 €** |
|---|---|---|
| Jeremy Godfrey | 28 | 11,422 |
| Patrick Kenny | 1,297 | 356 |
| Brian McHugh | 3,572 | 1,382 |
| Úna Butler | 1,673 | 898 |
| Kevin O'Brien | 8,579 | 1,399 |
| | **15,149** | **15,457** |

Nochtar luach saothair phríomhphearsanra bainistíochta i nóta 16 leis na ráitis airgeadais.

## 6. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN

| | Neamh-Thobhach € | Tobhach € | 2023 Iomlán € | 2022 Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Post & Teileachumarsáid | 81,646 | 9,798 | 91,444 | 90,898 |
| Trealamh & Seirbhísí TF | 828,950 | 80,796 | 909,746 | 704,961 |
| Clódóireacht & Stáiseanóireacht | 33,342 | 4,956 | 38,298 | 44,914 |
| Taisteal & Cothabháil - Náisiúnta | 41,152 | 808 | 41,960 | 44,495 |
| Taisteal agus Cothabháil Idirnáisiúnta | 83,593 | 794 | 84,387 | 73,386 |
| Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta | 1,043,283 | 123,199 | 1,166,482 | 1,087,935 |
| An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí* | 888,136 | - | 888,136 | 217,203 |
| Costais Theagmhasacha | 73,273 | 11,148 | 84,421 | 85,658 |
| Caiteachas a bhaineann le AD | 40,341 | 3,710 | 44,051 | 51,914 |
| Táillí Dlí | 212,143 | 3,055 | 215,198 | 314,133 |
| Costais sainchomhairleoireachta eile | 756,976 | 15,296 | 772,272 | 1,389,661 |
| Iniúchadh Inmheánach | 31,931 | 13,537 | 45,468 | 37,254 |
| Riarachán airgeadais | 179,554 | 29,681 | 209,235 | 176,065 |
| Táille iniúchta | 22,050 | 2,450 | 24,500 | 24,500 |
| Margaíocht, Cur Chun Cinn & Gníomhaíochtaí Feasachta do Thomhaltóirí** | 1,024,851 | 1,598,040 | 2,622,891 | 1,932,584 |
| Earcaíocht | 405,782 | 39,308 | 445,090 | 482,648 |
| Táillí Gníomhaireachta | 233,750 | 26,893 | 260,643 | 279,520 |
| Dímheas | 86,571 | - | 86,571 | 94,771 |
| Ionad Glaonna | 716,574 | 85,008 | 801,582 | 745,873 |
| Árachas | 121,394 | 20,430 | 141,824 | 105,988 |
| Muirir Bainc | 838 | 1,137 | 1,975 | 4,788 |
| Liúntas d'fhiacha amhrasacha | - | - | - | 593 |
| Ús um Íoc Pras & Cúiteamh | - | - | - | 41 |
| Ceannacháin Tástála | 10,912 | - | 10,912 | 1,092 |
| Táillí Bailiúcháin Tobhaigh | - | - | - | 369 |
| | 6,917,042 | 2,070,044 | 8,987,086 | 7,991,244 |

*Tá Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC) na hÉireann mar chuid de líonra Eorpach a chuireann comhairle, eolas agus tacaíocht ar fáil ar chearta tomhaltóirí nuair atá earraí agus seirbhísí á gceannach ó thír Eorpach eile. Déanann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cómhaoiniú ar oibriú ECC Éireann in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach. Déanann an CCPC an leithdháileadh maoinithe bliantúil do ECC Éireann a threorú trí fho-cheann C8 thar ceann na Roinne. Tá Comhaontú Rialachais agus Maoirseachta (GOA) i bhfeidhm idir an CCPC agus ECC Éireann. Tá iarratas déanta ag an CCPC chuig an gCoimisiún Eorpach le bheith mar sholáthraí nua do sheirbhís ECC Éireann agus tá sé i mbun seirbhís nua ECC Éireann a bhunú.

** Maidir lena fheidhmeanna faoin Acht a chur i gcrích d'fhonn leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint, éilítear ar an gCoimisiún tabhairt faoi fheachtais feasachta poiblí agus eolais chomh maith le taighde agus anailís a dhéanamh chun críche tomhaltóirí a chur ar an eolas agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le cosaint tomhaltóirí. Is mar seo a leanas atá an leithdháileadh maidir leis an gcaiteachas sin:

| | 2023 | | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | Neamh-Thobhach € | Tobhach € | Iomlán € | Iomlán € |
| Fógraíocht | 85,972 | 2,180 | 88,152 | 42,289 |
| Taighde | 219,660 | 240,748 | 460,408 | 191,206 |
| Caidreamh Poiblí | 51,338 | 17,784 | 69,122 | 98,045 |
| Seirbhísí Ceannaigh Dáileacháin & Meán | 591,812 | 1,043,519 | 1,635,331 | 1,230,211 |
| Oideachas Airgeadais | - | 223,729 | 223,729 | 125,082 |
| Eile | 76,069 | 70,080 | 146,149 | 245,751 |
| | 1,024,851 | 1,598,040 | 2,622,891 | 1,932,584 |

## 7. FEIDHMEANNA A BHAINEANN LE TOBHACH

Áirítear an t-ioncam agus na costais a leanas maidir le feidhmeanna a bhaineann le tobhach i Nóta 3, 5 agus 6.

| | **2023**<br>**€** | **2022**<br>**€** |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Ioncam ó Thobhach | 3,703,713 | 2,420,903 |
| Ioncam eile | 29,425 | 4 |
| | 3,733,138 | 2,420,907 |
| **Caiteachas** | | |
| **Pá** | | |
| Tuarastail agus Pá | 1,340,103 | 1,140,108 |
| Pinsean | - | - |
| Oiliúint foirne | 23,806 | 21,341 |
| | 1,363,909 | 1,161,449 |
| **Neamhphá** | | |
| Post & Teileachumarsáid | 9,798 | 18,167 |
| Trealamh & Seirbhísí TF | 80,796 | 120,047 |
| Clódóireacht & Stáiseanóireacht | 4,956 | 9,401 |
| Taisteal & Cothabháil | 1,602 | 1,787 |
| Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta | 123,199 | 226,124 |
| Costais Theagmhasacha | 11,148 | 17,693 |
| Caiteachas a bhaineann le AD | 3,710 | 20,614 |
| Táillí dlí | 3,055 | - |
| Iniúchadh inmheánach agus Cuntasóireacht | 43,218 | 43,373 |
| Táille Iniúchóireachta | 2,450 | 4,900 |
| Margaíocht, Cur Chun Cinn & Gníomhaíochtaí Feasachta do Thomhaltóirí | 1,598,040 | 884,980 |
| Sainchomhairleoireacht eile | 15,296 | 12,539 |
| Earcaíocht | 39,308 | 67,580 |
| Táillí Gníomhaireachta | 26,893 | 52,991 |
| Ionad Glaonna | 85,008 | 84,348 |
| Árachas | 20,430 | 21,020 |
| Muirir Bainc | 1,137 | 3,334 |
| Gluaiseachtaí maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha | - | 593 |
| Ús um íoc pras & Cúiteamh | - | 8 |
| Táillí Bailithe Fiachais Tobhaigh | - | 369 |
| | 2,070,044 | 1,589,868 |
| Caiteachas Iomlán | 3,433,953 | 2,751,317 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **299,185** | (330,410) |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | 35,575 | 365,985 |
| Barrachas amhail an 31 Nollaig | 334,760 | 35,575 |

## 8. RÉADMHAOIN, GLÉASRA & TREALAMH

| | Ríomhaire Crua-earraí € | Ríomhaire Bogearraí € | Troscán € | Oifig Trealamh € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 485,063 | 283,343 | 77,079 | 115,368 | 960,853 |
| Méideanna Breise | | - | 8,672 | - | 8,672 |
| Diúscairtí | - | - | (116) | - | (116) |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **485,063** | **283,343** | **85,635** | **115,368** | **969,409** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | 347,606 | 283,343 | 37,934 | 112,891 | **781,774** |
| Muirear don bhliain | 75,581 | - | 10,330 | 660 | **86,571** |
| Diúscairtí | - | - | (116) | - | **(116)** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **423,187** | **283,343** | **48,148** | **113,551** | **868,229** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | **61,876** | **-** | **37,487** | **1,817** | **101,180** |
| Amhail an 31 Nollaig 2022 | **137,457** | **-** | **39,145** | **2,477** | **179,079** |

---

| **9. INFHÁLTAIS** | **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **Amhail an 31 Nollaig 2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Tobhach (nóta 3) | 5,598 | 1,550 |
| Lúide: Soláthar le haghaidh fiacha amhrasacha | (643) | (643) |
| Réamhíocaíochtaí | 681,972 | 326,745 |
| Féichiúnaithe Eile | 24,354 | 22,682 |
| | 711,281 | 350,334 |

Luachanna cóir na bhféichiúnaithe agus gar-réamhíocaíochtaí ar a gcuid suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Taispeántar féichiúnaithe glan ó lagú i leith fiacha amhrasacha.

| **10. MÉIDEANNA INÍOCTHA** | **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **Amhail an 31 Nollaig 2022** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe | 188,072 | 136,586 |
| Fabhruithe | 560,973 | 525,835 |
| Seirbhísí Gairmiúla ag Siarchoinneáil Cánach | 67,552 | 73,224 |
| Cáin Bhreisluacha | 34,090 | 40,713 |
| Dlite do Tháillí Iarratais DETE | 134,972 | 82,531 |
| Dlite do Dheontas Tobhaigh DETE * | 110,881 | 159,054 |
| | 1,096,540 | 1,017,943 |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarma na reachtaíochta ábhartha. Fabhraíonn ús i leith íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Tá méideanna eile a áirítear laistigh de chreidiúnaithe nach bhfuil clúdaithe ag nochtuithe nóta ar leith neamhurraithe, saor ó ús agus inaisoctha ar éileamh.

*Cuireann an DETE maoiniú ar fáil d'fheidhmeanna Feasachta Pobail agus Oideachais Airgeadais, ar choinníoll go ndéanfaí an maoiniú sin a íoc ar ais le DETE ar tobhach an Choimisiúin a fháil. Ag deireadh na bliana, bhí an méid a airleacadh i leith Deontas Pá le haisíoc le DETE.

## 11. CUNTAS CAIPITIL

| | Amhail an Mí na Nollag 2023 € | Amhail an Mí na Nollag 2022 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 179,079 | 151,863 |
| **Aistriú chuig Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas** | | |
| Deontais a baineadh úsáid astu chun sócmhainní seasta a fháil | 8,672 | 122,033 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (86,571) | (94,817) |
| Aistriú (chuig)/ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | (77,899) | 27,216 |
| Iarmhéid Deiridh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | **101,180** | **179,079** |

## 12. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

### i. Foireann an Choimisiúin

In 2014, cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim aoisliúntais d'fhoireann an Choimisiúin faoi fhorálacha alt 29 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.

Is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair baill foirne nua, arna bhfostú ag an gCoimisiún i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht.

### ii. Anailís ar chostais sochar scoir iomlán a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

| | 31 Nollaig 2023 € | 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 2,018,000 | 3,453,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 1,463,000 | 796,000 |
| Lúide ranníocaíochtaí Fostaithe | (518,000) | (430,000) |
| | 2,963,000 | 3,819,000 |

### iii. Gluaisteacht i nglanoibleagáidí sochar scoir i rith na bliana airgeadais

| | 31 Nollaig 2023 € | 31 Nollaig 2022 € |
|---|---|---|
| Glan-oibleagáid sochar scoir amhail an 1 Eanáir | (38,221,000) | (49,784,000) |
| Costas seirbhíse reatha | (2,018,000) | (3,453,000) |
| Costais úis | (1,463,000) | (796,000) |
| Sochair a íocadh sa tréimhse | 325,000 | 342,000 |
| Taithí (caillteanas)/gnóthachan ar dhliteanais | 1,137,000 | (3,709,000) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha | 111,000 | 19,179,000 |
| Glan-Oibleagáidí sochair scoir amhail an 31 MÍ na Nollag | (40,129,000) | (38,221,000) |

### iv. Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Coimisiún na suimeanna sin atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir atá bunaithe ar an tsraith de bhonn tuisceana a ndéantar cuir síos uirthi thuas chomh maith le roinnt imeachtaí san am a caitheadh. Áirítear ar an himeachtaí sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuimeanna den chineál sin a chomhlíonadh de réir mar atá faoi láthair.

Is mar seo leanas ata an glan-mhaoiniú Iarchurtha do shochair scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 31 Nollaig 2023 ■ | 31 Nollaig 2022 ■ |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir leis an bhliain reatha | | |
| Costais sochair | 3,481,000 | 4,249,000 |
| Sochair a íocadh i mbliain | (325,000) | (342,000) |
| | 3,156,000 | 3,907,000 |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir amhail an 31 Nollaig €2023 agus 40,129,000.

### v. Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

| | 2023 €'000 | 2022 €'000 | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 40,129 | 38,221 | 49,784 | 44,362 | 35,775 |
| Caillteanas /(gnóthachan) ó thaithí ar dhliteanais na scéime sochair shainithe | (1,137) | 3,709 | (382) | 2,815 | 257 |
| Céatadán de dhliteanais Plean | (2.8%) | 9.7% | (0.8%) | 6.3% | 0.7% |

### vi. Tuairisc ar an scéim

Scéim an Choimisiúin

Is socrú pinsin ar an tuarastal deiridh shochair shainithe í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí atá sainmhínithe trí thagairt do "mhúnla" reatha rialúcháin scéimeanna earnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanaí. Is éard is Gnáthaois Scoir ann ná 65ú lá breithe, agus roimh 2004 tá teidlíocht ag comhaltaí dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois. De ghnáth méadaíonn pinsin atá le íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Scéim Aonair

Is scéim pinsin ceirde do sheirbhísigh phoiblí ar fostú ón mbliain 2013 í an Scéim Aonair. Is scéim pinsin shochair shainithe í, lena mbaineann sochair scoir atá bunaithe ar mheánphá le linn gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach comhalta de chuid na scéime. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid sin, a dtugtar "suimeanna inchurtha" orthu ina gcéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha a fhabhraítear gach bliain a athluacháil uair sa bhliain go dtí dul ar scor ag teacht le harduithe ar bhoilsciú (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean iomlán a bhronntar ar dul ar scor agus gnóthachain iomlán de shuimeanna inchurtha pinsin chomhalta scéime agus is ionann cnapshuim scoir a bhronntar, ar an dóigh chéanna, agus suimeanna inchurtha iomlán cnapshuime chomhalta na scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleách agus ina nglactar san áireamh ceanglais an FRS d'fhonn dhliteanais na scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2023.

Ba mar seo a leanas a bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun chostas an tsochair shainithe a ríomh an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2023:

| | **31 Nollaig 2023** | **31 Nollaig 2022** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 3.30% | 3.65% |
| Ráta boilscithe | 2.30% | 2.65% |
| Méaduithe tuarastal | 4.30% | 4.65% |
| Méaduithe pinsin | 3.80% | 4.15% |

Éascaíonn an bonn básmhaireachta a glacadh ionchas saoil a fheabhsú thar ama, chun go mbraithfidh ionchas saoil ar dul ar scor ar an mbliain ina mbainfidh comhalta aois scoir amach (65 bliana d'aois). Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun anailís a dhéanamh agus chun aon mheastacháin fhiúntacha Scéimoiriúnaithe a chur i dtoll a chéile maidir le leibhéil bhásmhaireachta amach anseo. Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun dliteanais pinsean a chinneadh:

| | **31 Nollaig 2023 Blianta** | **31 Nollaig 2022 Blianta** |
|---|---|---|
| Fireann in aois 65 | 22.1 | 22.1 |
| Baineann in aois 65 | 24.4 | 24.4 |

## 13. ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA IN INDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisiún as comhlíonadh na heagraíochta leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Márta 2013. Tá an fhreagracht seo tarmligthe ag an gCoimisiún don lucht bainistíochta.

Tá rialuithe agus nósanna imeachta sa chóras rialaithe inmheánaigh a bhreithnítear a bheith riachtanach lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht. Áirítear le córas rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta atá deartha chun a chinntiú go sainaithnítear sonraisc agus conarthaí le haghaidh íocaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta forordaithe mar atá sainmhínithe san Acht. Tá na rialuithe seo leagtha amach chun dearbhú réasúnach, cé nach dearbhú iomlán é, in aghaidh neamhchomhlíontacht leis an Acht. Tá an Coimisiún sásta gur chomhlíonadh sé le forálacha na hAchta maidir le gach gné ábhartha. Íocadh €0 ús íocaíochta sa bhliain.

## 14. CEANGLAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheanglais chaipitil ann an 31 Nollaig 2023 (2022: €nialas).

## 15. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

D'ainmnigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) Lárionad Eorpach Tomhaltóirí Éireann (ECCI), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta le stádas carthanúil, go dtí deireadh 2023 chun seirbhísí Lárionad Tomhaltóirí na hEorpa (ECC) a sholáthar in Éirinn agus maoinithe i gcomhpháirt ag an gCoimisiún Eorpach agus DETE. Riaradh maoiniú DETE tríd an CCPC.

Go déanach in 2022, chuir an Chomhairle Eorpach Nuálaíochta agus Gníomhaireacht Feidhmiúcháin FBManna - (EISMEA) a ranníocaíocht le maoiniú an ECCI ar sos. Tar éis machnamh a dhéanamh ar roghanna amach anseo maidir le seirbhís ECC in Éirinn, d'ainmnigh DETE an CCPC mar an eagraíocht atá i dteideal iarratas a dhéanamh chuig an gCoimisiún Eorpach ar mhaoiniú mar Lárionad Tomhaltóirí na hÉireann le héifeacht ón 1 Eanáir 2024.

Faoi chomhairle ó DETE agus le híocaíochtaí arna gcomhaontú ag DETE, thacaigh an CCPC le leanúint d'fheidhmeanna ECCI go dtí deireadh 2023, lena n-áirítear na costais chuí a bhaineann le foirceannadh ordúil, chun a chinntiú go leanfaí den tseirbhís tomhaltóra agus na cearta agus na hoibleagáidí d'fhoireann ECCI urramaíodh go hiomlán iad. Tá leachtaitheoir ceaptha agus leanfaidh an CCPC, le ceadú DETE, ag tacú le foirceannadh ordúil.

## 16. NOCHTADH PÁIRTÍ GAOLMHAR

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Comhaltaí an Choimisiúin ag nochtadh leasa agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart i gceist sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin lenar bhain aon leas tairbhiúil leo do Chomhaltaí an Choimisiúin. Aithnítear an Coimisiún anois mar chomhlacht poiblí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 agus i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh 607 de 2008, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009, tá sé d'oibleagáid ar Chomhaltaí an Choimisiúin dearbhú leasanna a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir leis an tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2023.

Tá na príomhphearsanra bainistíochta sa Choimisiún comhdhéanta de Chathaoirleach agus de Chomhaltaí an Choimisiúin (suas le 6 ar a mhéad). Ba é an luach saothair iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta in 2023 ná € 654,760 (2022: € 700,623). Athraíonn líon Chomhaltaí an Choimisiúin ó am go ham. D'fhan líon na gComhaltaí de chuid an Choimisiúin ag 5 i rith 2023.

Is comhaltaí iad na príomhphearsanra bainistíochta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a gcuid teidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí ábhartha.

## 17. CEANGALTAIS LÉASA

Níl talamh ná foirgnimh faoi úinéireacht an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá ceanglais ag an gCoimisiún maidir le cóiríocht oifige a léasú ag Teach Bloom, Sráid an Iarnróid, Baile Átha Cliath 1. Tá an léas sin i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí ar feadh tréimhse 20 bliana, tréimhse a thosaigh in 2015.

Leagann an Coimisiún amach sa tábla thíos a cheanglais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla chuig an OPW thar thréimhse an léasa atá idir an OPW agus an tiarna talún:

| | **2023** | **2022** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | 965,118 | 965,118 |
| Iníoctha laistigh de dhá nó cúig bliana | 3,860,471 | 3,860,471 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 6,514,545 | 7,479,663 |
| | **11,340,134** | **12,305,252** |

Ba ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin atá aitheanta mar chaiteachas agus €1,010,552 (2022: €958,447 lena n-áirítear riaráistí €326,608).

## 18. IMEACHTAÍ I nDIAIDH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níl imeacht ar bith idir an dáta tuairiscithe agus dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais sin le heisiúint a éilíonn coigeartú ar na ráitis airgeadais.

## 19. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh Coimisiún an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí na ráitis airgeadais ag cruinniú dá chuid an 30ú Meán Fomhair 2024.